# Foirm SA 1

## Ráiteas faoi Chúrsaí (Duine Aonair)

**Uimhir Thagartha** | | | | | | | | | |

**FÓGRA TUGTHA DE BHUN ALT 909 DEN ACHT COMHDHLÚITE CÁNACHA, 1997 (arna leasú le hAlt 207(k) den Acht Airgeadais, 1999; Alt 78 den Acht Airgeadais, 2001; Alt 1(2) den Acht Airgeadais (Uimh 3), 2011; agus Alt 131 den Acht Airgeadais, 2012)**

Iarrtar ort leis seo ráiteas faoi chúrsaí * a ullmhú amhail ag L L / M M / B B B B (an dáta sonraithe) agus an ráiteas comhlánaithe faoi chúrsaí a sheachadadh chugam taobh istigh de ______ lá ón dáta seo

Cigire Cánach

Ainm ______ Dáta L L / M M / B B B B

Síniú ______

Seoladh
(Eircode san áireamh) ______

*Ciallaíonn Ráiteas faoi Chúrsaí ráiteas ar gach sócmhainn, cibé áit a lonnaítear iad, a raibh tú i dteideal tairbhiúil ina leith ar an dáta sonraithe agus ar gach dliteanas a raibh tú dlite ina leith ar an dáta sin. I gcásanna áirithe áirítear sócmhainní de chuid do leanaí mionaoiseacha, is é sin leanaí faoi 18 mbliana d'aois nach bhfuil pósta (féach leathanach 7 le haghaidh sonraí air seo)

**Freagair an cheist seo a leanas:**
**An raibh tú, ar an dáta sonraithe, ag gníomhú mar iontaobhaí ar iontaobhas ina raibh sócmhainní á sealbhú, nó ag gníomhú i gcáil ionadaíoch do dhuine eile i leith ioncam nó sócmhainní an duine sin?** ______

## Ní mór an dearbhú seo a chomhlánú

Dearbhaím, ar feadh m'eolais faisnéise agus tuairime, go n-áirítear san fhoirm seo:

(a) sonraí iomlána i leith mo shócmhainní agus dliteanas lena n-áirítear cinn mo leanaí mionaoiseacha a chaithfear a bheith ar áireamh,
(b) sonraí iomlána i leith gach polasaí árachais (más ann) i ndáil leis na sócmhainní seo, agus
(c) ráiteas faoi chúrsaí ceart agus comhlánaithe amhail an L L / M M / B B B B (an dáta sonraithe) de réir fhorálacha hAlt 909 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997

Síniú ______ Dáta L L / M M / B B B B

Ainm Iomlán ______ [féach leathanach 8 maidir le nótaí ar phionóis]
(i mBloclitreacha)

**Tabhair do d'aire**: Ar an gcéad dul síos, is leor an dearbhú thuas a bheith sínithe ag an duine a sheachadann an ráiteas faoi chúrsaí. Má theastaíonn sé ó na Coimisinéirí Ioncaim go ndéanfar an dearbhú faoi mhionn, seolfar na páipéir ar ais chun na críche sin

## Dearbhú faoi Mhionn

Mionn tugtha ag ______
ag ______ i gcontae ______
ar ______
Os mo chomhairse ______ Coimisinéir Mionnaí

| Sócmhainní [féach nóta (c)] | Cur Síos Iomlán | Láthair | Costas an Fháltais | Dáta an Fháltais | Má fuarthas an tsócmhainn seachas trí mhargadh ar neamhthuilleamaí, ba chóir go dtaispeánfaí anseo ainm agus seoladh an duine óna bhfuarthas é agus an chomaoin, más ann, a tugadh don duine sin i ndáil le hé a fháil | Más leas í an tsócmhainn nach leas iomlán í, ba chóir go dtaispeánfaí anseo sonraí an teidil faoina n-éiríonn an leas tairbhiúil aníos |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Aon leas i saorsheilbh nó talamh léasach (is é sin tithe, foirgnimh, talamh srl) | | | | | | |
| Stoc Trádála (seachas beostoc) | | | | | | |
| Féichiúnaithe Trádala & Obair idir Lámha | | | | | | |
| Gléasra agus Innealra | | | | | | |
| Airgead sa Bhanc (taispeáin más taisce, cuntas reatha srl) | | | | | | |
| Airgead Tirim | | | | | | |
| Dréacht Bainc | | | | | | |
| Airgead i dtaisce le<br>(a) Cumann Foirgníochta<br>(b) Bainc Taisce an Post<br>(c) Comhar Creidmheasa<br>(d) Glacadóirí eile Taiscí (tabhair sonraí) | | | | | | |

| Sócmhainní [féach nóta (c)] | Cur Síos Iomlán | Láthair | Costas an Fháltais | Dáta an Fháltais | Má fuarthas an tsócmhainn seachas trí mhargadh ar neamhthuilleamaí, ba chóir go dtaispeánfaí anseo ainm agus seoladh an duine óna bhfuarthas é agus an chomaoin, más ann, a tugadh don duine sin i ndáil le hé a fháil | Más leas í an tsócmhainn nach leas iomlán í, ba chóir go dtaispeánfaí anseo sonraí an teidil faoina n-éiríonn an leas tairbhiúil aníos |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cairteacha Coigiltis nó Plean Tráthchoigilteas Náisiúnta | | | | | | |
| Sealbhaíocht Airgeadra Eachtraigh | | | | | | |
| Iasachtaí tugtha agat | | | | | | |
| Stoic agus Scaireanna Luaite | | | | | | |
| Stoic agus Scaireanna Neamhluaite | | | | | | |
| Bintiúir, Nótaí Iasachta, Nótaí Gealltanais, Roghanna, srl | | | | | | |
| Iontaobhais Aonaid | | | | | | |
| Polasaí Árachas Saoil | | | | | | |

| Sócmhainní [féach nóta (c)] | Cur Síos Iomlán | Láthair | Costas an Fháltais | Dáta an Fháltais | Má fuarthas an tsócmhainn seachas trí mhargadh ar neamhthuilleamaí, ba chóir go dtaispeánfaí anseo ainm agus seoladh an duine óna bhfuarthas é agus an chomaoin, más ann, a tugadh don duine sin i ndáil le hé a fháil | Más leas í an tsócmhainn nach leas iomlán í, ba chóir go dtaispeánfaí anseo sonraí an teidil faoina n-éiríonn an leas tairbhiúil aníos |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Polasaithe Aonphréimhe | | | | | | |
| Blianachtaí Ceannaithe | | | | | | |
| Polasaithe Pinsean Ceannaithe | | | | | | |
| Polasaithe Eile nó Cúnaint | | | | | | |
| Paitinní, Ríchíosanna, Cóipchearta, srl | | | | | | |
| Saothair Ealaíne | | | | | | |
| Seandachtaí | | | | | | |
| Mótarfheithiclí | | | | | | |
| Carbhán / Teach Soghluaiste | | | | | | |

| Sócmhainní [féach nóta (c)] | Cur Síos Iomlán | Láthair | Costas an Fháltais | Dáta an Fháltais | Má fuarthas an tsócmhainn seachas trí mhargadh ar neamhthuilleamaí, ba chóir go dtaispeánfaí anseo ainm agus seoladh an duine óna bhfuarthas é agus an chomaoin, más ann, a tugadh don duine sin i ndáil le hé a fháil | Más leas í an tsócmhainn nach leas iomlán í, ba chóir go dtaispeánfaí anseo sonraí an teidil faoina n-éiríonn an leas tairbhiúil aníos |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhroinnt Ama | | | | | | |
| Luaimh / Báid / Aerárthaigh nó scaireanna iontu | | | | | | |
| Seodra, Clocha nó Miotail Lómhara | | | | | | |
| Beostoc | | | | | | |
| Folaíocht / Capaill faoi thraenáil nó i nGraí | | | | | | |
| Scaireanna nó Infheistíocht i gComhpháirtíocht / Cuibhreannas / Sindeacáit | | | | | | |
| Aon leas faoi Iontaobhas | | | | | | |
| Sócmhainní Eile - (Tabhair sonraí) (Féach nótaí (b) agus (c) thíos) | | | | | | |

| Sonraí i leith Polasaithe Árachais [féach nóta (a)] | Ainm na Cuideachta Árachais | Sócmhainní faoi Árachas | Suim an Chlúdaigh | Suim na Préimhe Bliantúla |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |

| DLITEANAIS | SONRAÍ | SUIM |
|---|---|---|
| Iasachtaí Bainc<br>(tabhair sonraí faoin urrús) | | |
| Iasacht Mhorgáiste<br>(tabhair sonraí faoin tsócmhainn faoi mhorgáiste) | | |
| Creidiúnaithe Trádála | | |
| Creidiúnaithe Eile<br>(tabhair sonraí) | | |
| Iarmhéideanna Cárta Creidmheasa<br>(tabhair sonraí) | | |
| Dliteanais Eile<br>(tabhair sonraí) | | |

**Nótaí**

(a) Maidir le gach sócmhainn atá san áireamh sa Ráiteas faoi Chúrsaí, tabhair sonraí (faoi na ceannteidil a thaispeántar) de gach polasaí árachais (más ann) trína gcuirtear árachas ar aon riosca i dtaobh damáiste nó gortú, nó caillteanas nó dímheas na sócmhainne.

(b) Ós rud é nach bhfuil na cuir síos a úsáidtear ceaptha a bheith ina liosta uileghabhálach, ba chóir ráiteas faoi aon sócmhainní eile a chur san áireamh áit ar bith nach bhfuil curtha san áireamh agat cheana féin sna sonraí tugtha ar an bhfoirm seo.

(C) Mura bhfuil a dhóthain spáis ar na leathanaigh seo maidir le ceann ar bith de na sócmhainní nó dliteanais nó polasaithe árachais, tabhair sonraí breise ar bhileog eile

## Nótaí ar chomhlánú leathanaigh 2 – 6 agus na leathanaigh sin san áireamh

**1. Sócmhainní**

Folaíonn "Sócmhainn" leas ar bith i sócmhainn.

**2. Sócmhainní de chuid leanaí mionaoiseacha, is é sin leanaí faoi 18 mbliana d'aois nach bhfuil pósta ar an dáta sonraithe**

Maidir le haon sócmhainn a raibh do leanbh i dteideal, ar leanbh é nó í atá faoi 18 mbliana d'aois agus nach bhfuil pósta ar an dáta sonraithe, ba chóir é nó í a chur san áireamh i do Ráiteas faoi Chúrsaí sna cásanna seo:

(a) má dhiúscair tú na sócmhainní sin am ar bith roimh do leanbh iad a fháil, is cuma más don leanbh nó nach don leanbh a diúscraíodh iad; nó

(b) más tusa a thug, go díreach nó go hindíreach, an chomaoin le haghaidh fháil na sócmhainní ag an leanbh.

**3. Costas fála na Sócmhainní**

**Airítear le costas fála sócmhainne duit an méid seo a leanas:**

(i) suim nó luach na comaoine, in airgead nó i luach airgid, tugtha agat féin nó ar do shon chun an tsócmhainn a fháil, mar aon le costais theagmhasacha na fála ort nó, mura bhfuair tú an tsócmhainn, caiteachas ar bith a thabhaigh tú chun an tsócmhainn a chur ar fáil, agus

(ii) suim chaiteachais ar bith tabhaithe i leith na sócmhainne agatsa nó ar do shon, chun críocha luach na sócmhainne a fheabhsú, ar caiteachas é atá le feiceáil i staid nó cineál na sócmhainne ar an dáta sonraithe agus aon chaiteachas a thabhaíonn tú chun do theideal nó ceart i leith na sócmhainne a bhunú, a chaomhnú nó a chosaint.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar an leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie** ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.

## Nótaí ar Phionóis Shibhialta agus Ciontuithe Cánach

### Pionóis Shibhialta

(1) Tá foráil tugtha in Alt 1052 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, gurb é an pionós as ucht loiceadh tuairisceán a thíolacadh taobh istigh den am sonraithe le fógra ná €3000, agus, má leanann an loiceadh sin ar aghaidh tar éis deireadh na bliana measúnachta ar tugadh an fógra inar n-iarrtar an tuairisceán lena linn, is é an pionós ná € 4,000.

(2) Tá foráil tugtha in Alt 1077E den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 do phionóis as ucht aon tuairisceán mhícheart a thíolacadh go míchúramach nó d'aon ghnó, as ucht tuairisceán mícheart a dhéanamh nó as ucht cuntais mícheart a thíolacadh.

(3) I gcás go bhfuair duine a thabhaigh aon phionós bás, féadtar aon imeachtaí chun an pionós sin a aisghabháil a bhí, nó a d'fhéadfadh a bheith, curtha i bhfeidhm i gcoinne an duine sin, a leanúint nó a thosú i gcoinne a sheiceadóir / bhanseiceadóir nó riarthóir, nó eastáit, pé acu atá i gceist, agus beidh aon phionós a bhronntar in imeachtaí a leanfar ar aghaidh nó a tosaíodh ina fhiachas dlite nó iníoctha as a eastát.

Má loictear aontú go bhfuil dliteanas tagtha aníos i leith pionóis agus má loictear an pionós a íoc, féadfaidh sé tarlú go ndéanfaidh oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim iarratas chun na gcúirteanna deimhniú cé acu an éiríonn nó nach n-éiríonn pionós aníos i leith pionóis.

### Ciontuithe Cánach

(4) Tá foráil tugtha in Alt 1078 den Acht Comhdhlúite Cánach, 1997 go mbeidh duine ciontach as coir sna cásanna seo;

- (a) má loiceann an duine sin, gan cúis réasúnta, cloí le foráil ar bith tugtha sna hAchtanna a éilíonn tuairisceán a thíolacadh chun críocha cánach ar bith,
- (b) má dhéanann an duine sin, go feasach nó go toiliúil, tuairisceán nó ráiteas cuntais mícheart a thíolacadh nó go feasach nó go toiliúil, aon eolas mícheart i ndáil le haon cháin a chur ar fáil,
- (c) má thugann an duine cabhair, neartú, cuidiú, gríosadh nó spreagadh do dhuine eile tuairisceán, ráiteas nó cuntais mícheart i ndáil le haon cháin a dhéanamh nó a thíolacadh, go feasach nó go toiliúil.

(5) Maidir le duine a chiontaítear i leith ciona faoin gcuid seo den Acht, tá siad faoi dhliteanas ciontú go hachomair d'fhíneáil €5,000 nó do phríosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, é sin nó tá siad faoi dhliteanas na fíneála agus na príosúnachta araon, agus ar a gciontú nó díotáil dóibh, d'fhíneáil nach mó ná €126,970, nó do príosúnacht ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana, é sin ó don fhíneáil agus don phríosúnacht araon.

(6) Anuas air sin, nuair a chiontaítear duine i leith cionta áirithe, féadtar iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú a éilíonn ar an duine lena mbaineann an tuairisceán a chur ar fáil. Mura gcomhlíontar an t-ordú seo taobh istigh de thréimhse 30 lá ón ordú a thabhairt, beidh an duine sin ciontach i leith cion eile.

**Níl sa mhéid thuasluaite ach achoimre ar na forálacha pionóis agus cionta agus níor cheart a mheas gur ráiteas iomlán é ar na pionóis agus na cionta curtha ar fáil. Féadtar tuilleadh eolas a fháil trí dhul i muinín na reachtaíochta cuí.**

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim